Treoirnótaí chun an Fhoirm Iarratais ar Dheontas Mac Léinn 2011/12 a Líonadh

Caithfidh tú foirm iarratais ar dheontas mac léinn a líonadh isteach sa chaoi is go mbeimid in ann do cháilitheacht ar dheontas mac léinn a mheas. Cuideoidh na treoirnótaí seo leat d'fhoirm iarratais a líonadh isteach. Ní thugann siad na sonraí ar fad a bhaineann leis an scéim dheontais do mhic léinn. Mura bhfuil tú cinnte faoi na coinníollacha a leagtar amach sa scéim dheontais do mhic léinn nó an bhfuil an cúrsa atá roghnaithe agat a leanúint ina chúrsa faofa in institiúid fhaofa, ba chóir duit dul i dteagmháil le d'údarás áitiúil nó CGO, nó léigh na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 agus an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 agus an Scéim Deontais do Mhic Léinn 2011 atá ar fáil ag www.studentfinance.ie.

Ba chóir duit iarratas ar dheontas mac léinn a dhéanamh chuig an údarás áitiúil nó Coiste Gairmoideachais (CGO) i do cheantar baile, ní sa cheantar ina bhfuil an coláiste suite.

Led' thoil, cuir iarratas isteach ar dheontas mac léinn a luaithe agus is féidir i ndiaidh duit cur isteach ar do chúrsa. Ná fan go dtí go bhfuil áit glactha agat sa choláiste chun cur isteach ar dheontas mac léinn.

Má theipeann ortsa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlí, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, na ranna cuí a líonadh isteach nó na cáipéisí atá de dhíth orainn a chur ar fáil, seolfaimid an fhoirm iarratais ar ais chugat. Cuirfidh sé seo moill ar phróiseáil d'iarratais ar dheontas agus d'fhéadfaí moill a chur ar íocaíocht má éiríonn le d'iarratas.

Chun go mbeidh tú i dteideal deontas mac léinn a fháil, caithfidh tú a bheith ag tosnú ar chúrsa faofa in institiúid fhaofa agus na riachtanais i dtaca le cónaitheacht nó stadás inimircigh a leagtar amach san Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 agus na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 a shásamh, maraon leis na coinníollacha cáilitheachta a leagtar amach san Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011 lena n-áirítear dul chun cinn acadúil agus acmhainní.

Is é an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais ar dheontas mac léinn a fháil ná 31 Lúnasa 2011.

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta
Athrú Mór ar Éirinn

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Clár na nÁbhar

Leathanach

Cén áit le hiarratas a dhéanamh **3**

Catagóir an Iarratasóra **3**

D'Fhoirm Iarratais a Líonadh Isteach **4**

D'Fhoirm Iarratais a Sheoladh Isteach **5**

Athbhreithniú ar do Dheontas Mac Léinn **5**

Sonraí Pearsanta **6**

Roinn A - Sonraí pearsanta an iarratasóra 6

Roinn B - Náisiúntacht, stádas inimircigh agus sonraí cónaitheachta an iarratasóra 7

Roinn C - Stair acadúil agus foinsí tacaíochta airgeadais mac léinn an iarratasóra 10

Roinn D - Sonraí pearsanta ar do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir 11

Roinn E - Sonraí maidir le leanaí cleithiúnacha 12

Ioncam inríofa **13**

Roinn F - Ioncam inríofa 13

Nótaí tábhachtacha ba chóir duit a mheabhrú agus an roinn seo á líonadh isteach agat 13

F1 - Ioncam ó fhostaíocht 14

F2 - Íocaíochtaí leasa shóisialaigh 15

F3 - Íocaíochtaí ó ranna rialtais eile nó gníomhaireachtaí stáit ar nós Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS - HSE), FÁS nó údarás áitiúil 15

F4 - Féinfhostaíocht nó feirmeoireacht 16

F5 - Cíos agus ioncam eile ó thalamh agus réadmhaoin 17

F6 - Sonraí maidir le stiúrthóireachtaí agus scarshealbhú 18

F7 - Ioncam ó phinsin seachas Pinsin Stáit Leasa Shóisialaigh 18

F8 - Ioncam ó choigiltí, cuntais taisce agus infheistíochtaí 19

F9 - Ioncam ó shocruithe cothabhála 19

F10 - Íocaíochtaí cnapshuime ó scor nó iomarcaíocht 20

F11 - Ioncam ó shócmhainní nó cearta a dhíol 21

- Ioncam ó pholasaí árachas saoil a réadú 21

F12 - Bronntanais nó oidhreachtaí 22

F13 - Ioncam ó aon fhoinsí eile nár luadh thuas 22

F14 - Íocaíochtaí cothabhála infheidhmithe de réir dlí 23

F15 - Ranníocaíochtaí pinsin i leith scoir 23

F16 - Athrú buan i gcúinsí maidir le hioncam inríofa 24

Cén áit le hiarratas a dhéanamh

Ba chóir duit iarratas a dhéanamh chuig an Coiste Gairmoideachais i do cheantar baile má tá iarratas déanta agat ar nó má bheidh tú ag freastal ar chúrsa faofa i gceann de na hinstitiúidí a leanas don bhliain acadúil 2011/12;

- Ionad iar-Ardteistiméireachta (PLC) faofa
- Institiúid Teicneolaíochta

Ba chóir duit iarratas a dhéanamh chuig an Údarás Áitiúil i do cheantar baile má tá iarratas déanta agat ar nó má bheidh tú ag freastal ar chúrsa faofa in aon cheann de na hinstitiúidí seo a leanas sa bhliain acadúil 2011/12;

- ollscoil
- institiúid oideachais fhorordaithe in Éirinn (mar shample coláiste oideachais)
- cúrsa fochéime faofa in instituúid fhaofa san AE
- cúrsa iarchéime faofa in institiúid fhaofa i dTuaisceart Éireann

Nóta: Má bhí deontas mac léinn á fáil agat roimhe is féidir leat iarratas a dhéanamh chuig an údarás áitiúil a phroiseáil d'iarratas ar dheontas mac léinn roimhe seo.

Catagóir an iarratasóra

Déantar mic léinn a rangú sa dá chineál mac léinn mar seo a leanas:

- **Mac léinn spleách** a bhristear síos sa dá chineál mac léinn mar seo a leanas:
  - mac léinn spleách ar thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil, nó
  - mac léinn aibí spleách ar thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil, nó

- **Mac léinn aibí neamhspleách.**

Nóta: Tá sé tábhachtach duit a bhunú cén chatagóir d'iarratasóra ina bhfuil tú toisc gur ar an mbunús sin a chinnfear cén ioncam a mheasfar agus cén duine ba chóir gach roinn den fhoirm iarratais a líonadh isteach. Léigh an cur síos ar gach catagóir d'iarratasóir go cúramach, led' thoil.

Mac léinn spleách ar thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil:
Más rud é go raibh tú faoi 23 bliana d'aois ar 1 Eanáir 2011, déanfar d'iarratas ar dheontas mac léinn a mheas bunaithe ar ioncam do thuismitheoirí nó do chaomhnóra dlíthiúil agus d'ioncam féin. Beidh ort cáipéisí cúirte dlí a sheoladh chugainn mar chruthúnas ar chaomhnóireacht dhlíthiúil.

Mac léinn aibí spleách ar thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil:
Ní féidir tú a mheas mar **mac léinn aibí** ach amháin más rud é go raibh tú ar a laghad 23 bliana d'aois ar 1 Eanáir na bliana iontrála nó athiontrála chuig cúrsa ceadaithe. (Mar shampla, rugadh mé ar 31 Nollaig 1987 agus táim ag iontráil/athiontráil i gcúrsa ceadaithe ar 1 Meán Fómhair 2011). Do chúiseanna na scéimeanna deontas mac léinn, ciallaíonn "athiontráil" iontráil mar iarrthóir aibí tar éis briseadh sa staidéar a mhair trí bliana ar a laghad.

Más rud é go raibh tú 23 bliana d'aois nó níos sine ar 1 Eanáir 2011 agus go raibh cónaí ort de ghnáth le do thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil **ó 1 Deireadh Fómhair na bliana roimh iontráil nó athiontráil** ar chúrsa ceadaithe, déanfar d'iarratas a mheas bunaithe ar ioncam do ioncam do thuismitheoirí nó do chaomhnóra dlíthiúil agus d'ioncam féin.Beidh ort cáipéisí cúirte dlí a sheoladh chugainn mar chruthúnas ar chaomhnóireacht dhlíthiúil.

Mac léinn aibí neamhspleách:
Más rud é go raibh tú 23 bliana d'aois nó níos sine ar 1 Eanáir na bliana iontrála nó athiontrála chuig cúrsa ceadaithe ach nach raibh cónaí ort de ghnáth le do thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil ó 1 Deireadh Fómhair na bliana roimh iontráil nó athiontráil ar chúrsa ceadaithe, déanfar d'iarratas a mheas bunaithe ar d'ioncam féin. Ní thógtar ioncam do thuismitheoirí nó do chaomhnóra dlíthiúil san áireamh. Beidh ort fianaise cáipéise a sheoladh chugainn mar chruthúnas ar chónaí spleách ó do thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil le linn na tréimhse cuí. Más mac léinn aibí neamhspleách tú agus tú pósta nó í bpáirtnéireacht shibhialta nó ag comhchónaí, déanfar d'iarratas a mheas bunaithe ar ioncam do chéile, do pháirtí sibhialta nó comháitritheoir agus d'ioncam féin.

Fianaise cáipéise le haghaidh mac léinn aibí neamhspleách
Beidh fianaise cáipéise de dhíth mar chruthúnas ar do sheoladh baile ar 1 Deireadh Fómhair na bliana roimh iontráil nó athiontráil duit ar chúrsa ceadaithe. Mar shampla, **más rud é go bhfuil tú ag iontráil i gcúrsa ceadaithe don chéad uair nó ag athiontráil sa bhliain acadúil 2011/12,** beidh ort fianaise a sholáthar maidir leis an áit ina raibh cónaí ort ó **1 Deireadh Fómhair 2010.** De ghnáth, bheadh nithe mar seo a leanas i gceist:

- billí fóntais, ar nós teileafón, gás nó leictreachas;
- clárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha;
- cáipéisí a fuarthas, mar shampla, ráiteas bainc, comhfhreagras ó roinn rialtais.

D'fhoirm iarratais a líonadh isteach

- Caithfidh tú **Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP)** a bheith agat sular féidir leat cur isteach ar dheontas mac léinn. Mura bhfuil uimhir PSP agat, déan teagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun ceann a lorg.
- Ba chóir duit na treoirnótaí seo a léamh go cúramach. Cuideoidh siad leat an fhoirm a líonadh isteach agus na cáipéisí atá de dhíth orainn a sholáthar. Is mar theoir amháin a thugtar na míniúcháin agus na téarmaí sna treoirnótaí seo agus ní léirmhíniú dlíthiúil iad.
- Ciallaíonn an siombal *i* ar an bhfoirm iarratais go bhfuil mionmhíniú sna treoirnótaí seo chun cuidiú leat an cheist a fhreagairt. Ciallaíonn an go gcaithfidh tú **fianaise cáipéise** a thabhairt dúinn agus na cáipéisí a lorgaímid a sheoladh isteach in éineacht le d'fhoirm iarratais. Tugtar cur síos soiléir ar an bhfianaise cáipéise atá ag teastáil i ngach roinn de na treoirnótaí seo.
- Led' thoil, úsáid **dúch dubh** agus scríobh i mBLOCLITREACHA.
- Cuir tic (✓) sna boscaí cuí, áit a mbíonn a leithéid ann.
- Freagair gach ceist. Mura mbaineann ceist leat, líon isteach 'N/Bh' ("ní bhaineann") mar fhreagra. Mura mbaineann roinn leat, líon isteach 'N/Bh' go soiléir thar barr na roinne.
- Is ar **chatagóir an iarratasóra** a bhraitheann sé cén duine a chaithfidh an fhoirm iarratais a líonadh isteach agus a shíniú. Déarfaimid leat ag tús gach roinne cé ba chóir an roinn seo den bhfoirm iarratais a líonadh isteach.
- Léigh go cúramach an Ráiteas um Chosaint Sonraí ar leathanach 14 den fhoirm iarratais.
- Déan cinnte go ndéanann tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, na Dearbhuithe ar leathanach 15 den bhfoirm iarratais a shíniú. Ní féidir linn d'iarratas a phróiseáil gan na sínithe seo.

D'fhoirm iarratais a sheoladh isteach

- Caithfidh fianaise cáipéise a bheith in éineacht le d'iarratas mar thacaíocht ar aon eolas atá tugtha agat. Tugtar sonraí ar an **bhfianaise cáipéise** a chaithfidh tú a chur chugainn i ngach roinn de na treoirnótaí seo.
- Caithfidh tú buncháipéisí a sheoladh isteach (ní fótachóipeanna) a chur isteach ach amháin má deirimid a mhalairt sna treoirnótaí seo.
- Is ortsa atá an fhreagracht gach cáipéis atá de dhíth orainn a sheoladh chugainn. Mar is gá, bíodh gach cáipéis aistrithe go Béarla/Gaeilge.
- B'fhéidir go lorgóidh d'údarás áitiúil nó CGO tuilleadh eolais nó fianaise chun cuidiú leo d'iarratas ar dheontas a mheas.
- Más rud é nach bhfuil tú cinnte an bhfuil rud éigin bainteach, ba chóir duit é a lua le d'údarás áitiúil nó CGO. Áirítear anseo aon rud a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar mheasúnú an údaráis áitiúil nó CGO agus ar bhronnadh deontas mac léinn.
- Líon isteach an seicliosta ag deireadh na foirme iarratais.
- Nuair atá an fhoirm seo líonta isteach agat, caithfidh tú é a sheoladh in éineacht leis an bhfianaise cáipéise riachtanach chuig d'údarás áitiúil nó CGO i do cheantar baile, a luaithe agus is féidir roimh an dáta deiridh.
- Más rud é go bhfaigheann tú amach go raibh aon chuid den eolas a thug tú dúinn mícheart,caithfidh tú é sin a rá le d'údarás áitiúil nó CGO láithreach bonn.
- Caithfidh tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlí, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, a rá linn láithreach má thagann aon athrú i gcúinsí a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar do cháilitheacht ar dheontas mac léinn nó má fhaigheann aon duine agaibh amach go bhfuil aon chuid den eolas atá tugtha i d'iarratas nach bhfuil ceart a thuilleadh nó a bhí mícheart. Cion is ea é gan fógra a thabhairt dúinn ar athrú i gcúinsí agus d'fhéadfaí do dheontas mac léinn a chailliúint agus ionchúiseamh a bheith ann.
- Mura shásaíonn tú na coinníollacha cáilitheachta faoi láthair chun deontas a fháil nó mura bhfuil tú i dteideal leibhéal iomlán an deontais agus má tharlaíonn athrú i gcúinsí mar a leagtar amach sa scéim dheontais do mhic léinn chuí i rith na bliana acadúla, seans go mbeadh tú i dteideal a bheith measúnaithe nó athmheasúnaithe le linn na bliana acadúla. Mura bhfuil tú cinnte an mbeidh éifeacht ag an athrú i gcúinsí atá tarlaithe ar do cháilitheacht do dheontas mac léinn, ba chóir duit dul i dteagmháil le d'údarás áitiúil nó CGO le haghaidh na scéime dheontais chuí.

Athbhreithniú ar do dheontas mac léinn

- Déantar deontais mac léinn a bhronntar faoi na scéimeanna deontas mac léinn a athbhreithniú gach bliain. Más rud é go raibh deontas mac léinn i 2010/11 agus go bhfuil tú ag leanúint le do chuid staidéir sa bhliain acadúil 2011/12, beidh d'údarás áitiúil nó CGO i dteagmhail leat chun do dheontas mac léinn a athnuachan nó a athbhreithniú do 2011/12.

FOLÁIREAMH: Más rud é go ndéanann tusa, do thuismitheoir(í), do chaomhnóir dlí, do chéile, pháirtí sibhialta nó comháitritheoir eolas cuí a choinneáil siar go feasach nó eolas a chur ar fáil atá bréagach nó míthreorach, tá tú ciontach i gcion agus déanfar tú a ionchúiseamh. D'fhéadfaí fíneáil, téarma príosúin nó an dá cheann a bheith mar thoradh a leithéid d'ionchúiseamh. Leagtar amach sonraí ar chionta agus pionóis in Alt 23 d'Acht um Thaca do Mhic Léinn 2011.

Roinn A Sonraí pearsanta an iarratasóra

Cé ba chóir an roinn seo a líonadh isteach?

Ba chóir duitse, an t-iarratasóir, an roinn seo den fhoirm iarratais a líonadh isteach agus gach ceist a fhreagairt.

A1. Uimhir PSP

Caithfidh tú d'uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) a thabhairt. Mura bhfuil uimhir PSP agat, déan teagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun ceann a lorg. Ní dhéanfaimid d'iarratas a phróiseáil gan an uimhir seo.

A5-A8. Teastas breithe

Caithfidh tú do bhunteastas breithe a chur isteach mar fhianaise cáipéise. Más saoránach Éireannach tú, ba chóir an leagan fada den bhunteastas breithe a bheith ann.

A10. Seoladh baile

Seo é do sheoladh baile - ní an áit ina bhfuil cónaí ort agus tú ag freastal ar an gcoláiste. D'fhéadfadh d'údarás áitiúil nó CGO iarradh ort fianaise ar do sheoladh a thabhairt le linn an mheastúcháin ar d'iarratas.

A13. Leibhéal an chúrsa

Ní gá duit fanacht go dtí go bhfuil a fhios agat go cinnte cén cúrsa ar a mbeidh tú ag freastal chun iarratas a dhéanamh ar dheontas mac léinn. Má tá iarratas déanta agat ar chúrsa amháin nó níos mó agus mura bhfuil tú tar éis glacadh le háit go fóill, cuir tic le do chéad rogha. Insíonn sé seo dúinn an bhfuil iarratas déanta agat chuig an údarás áitiúil nó CGO ceart. Má tá tú tar éis glacadh le háit ar chúrsa ceadaithe, líon isteach **foirm glactha cúrsa** agus seol chugainn í. Is féidir leat an fhoirm seo a íoslódáil ó www.studentfinance.ie nó í a fháil ó d'údarás áitiúil nó CGO.

A14. Uimhir CAO

Má tá iarratas déanta agat ar chúrsa ardoideachais tríd an Lár-Oifig Iontrála (CAO), beidh uimhir iarratais CAO 8-ndigit agat.

Uimhir UCAS

Má tá iarratas déanta agat ar chúrsa ardoideachais sa Ríocht Aontaithe trí UCAS, an córas iarratais sa Ríocht Aontaithe, beidh uimhir iarratais 10-ndigit agat.

A15. Catagóir an iarratasóra

Déantar mic léinn a rangú mar:

- **Mac léinn spleách ar thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil, nó**
- **Mac léinn aibí spleách ar thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil, nó**
- **Mac léinn aibí neamhspleách.**

Tugtar cur síos go mion ar gach catagóir d'iarratasóir ar leathanaigh 3 agus 4 de na treoirnótaí seo. Tá sé tábhachtach duit a bhunú cén chatagóir d'iarratasóir ina bhfuil tú toisc gur ar an mbunús sin a chinnfear cén ioncam a mheasfar agus cén duine ba chóir gach roinn den fhoirm iarratais a líonadh isteach. Léigh an cur síos ar gach catagóir d'iarratasóir go cúramach.

Fianaise cáipéise le haghaidh mac léinn aibí neamhspleách

Beidh fianaise cáipéise de dhíth mar chruthúnas ar do sheoladh baile ar 1 Deireadh Fómhair na bliana roimh iontráil nó athiontráil duit ar chúrsa ceadaithe. Mar shampla, más rud é go bhfuil tú ag iontráil i gcúrsa ceadaithe don chéad uair nó ag athiontráil sa bhliain acadúil 2011/12, beidh ort fianaise a sholáthar maidir leis an áit ina raibh cónaí ort ó 1 Deireadh Fómhair 2010. De ghnáth, bheadh nithe mar seo a leanas i gceist:

- billí fóntais, ar nós teileafón, gás nó leictreachas;
- clárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha;
- cáipéisí a fuarthas, mar shampla, ráiteas bainc, comhfhreagras ó roinn rialtais.

A16. **Fianaise cáipéise do scaradh agus colscaradh**

Má tá iarratas á dhéanamh agat mar mhac léinn aibí neamhspleách agus má tá tú scartha nó colscartha, nó más iar-pháirtí sibhialta tú (má bhí tú i bpáirtnéireacht shibhialta atá díscaoilte ó shin) caithfidh tú fianaise a chur chugainn ar an scaradh nó ar an gcolscaradh nó ar an bpáirtnéireacht shibhialta dhíscaoilte agus cruthúnas go bhfuil tú ag cónaí scartha. Ba chóir go mbeadh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas san áireamh:

- Comhaontú scartha;
- Foraithne colscartha;
- Foraithne díscaoilte do pháirtnéireacht shibhialta
- Fianaise ón Roinn Coimirce Sóisialaí go bhfuil íocaíocht á fháil agat faoi láthair do staid teaghlaigh tuismitheora aonair ar nós:
  - Íocaíocht teaghlaigh tuismitheora aonair
  - Liúntas Banchéile Thréigthe;
- Mura bhfuil comhaontú dlíthiúil ann, litir ó do dhlíodóir ag dearbhú go bhfuil tú scartha agus/nó go bhfuil imeachtaí dlí ar feitheamh.
- Fianaise go bhfuil tú ag cónaí ar leithligh.

A18. Gairm

Tabhair cur síos ar do phríomh-phost sular thosaigh tú nó sula dtósóidh tú ar do chúrsa staidéir. Déan cinnte go mbaineann tú úsáid as téarmaí cruinn ar nós ‘bainisteoir i siopa miondíola’ seachas ‘bainisteoir’. Más rud é go raibh tú i gcónaí i do mhac léinn, cuir síos ‘mac léinn’. Is do chúiseanna staitistice amháin an cheist seo agus is ceist roghnach í.

Roinn B Náisiúntacht, stádas inimircigh agus sonraí cónaitheachta an iarratasóra

Cé ba chóir an roinn seo a líonadh isteach?

Ba chóir duitse, an t-iarratasóir, an roinn seo den fhoirm iarratais a líonadh isteach agus gach ceist a fhreagairt.

B1. Is í tír do bhreithe an áit ina raibh cónaí ar do mháthair de ghnáth ag an am a rugadh tú.

B2. **Fianaise cáipéise i leith náisiúntachta**

Tá fianaise cáipéise de dhíth orainn mar chruthúnas ar náisiúntacht. Ba chóir go mbeadh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas sa fianaise cáipéise:

- leagan fada de theastas breithe Éireannach más rud é gur rugadh ar oileán na hÉireann tú roimh 1 Eanáir 2005;
- cóip dheimhnithe[1] de do phas;
- cárta aitheantais náisiúnta eisithe ag Ballstát AE;

[1] *Cáipéis is ea í seo atá stampaithe agus sínithe ag comhalta den Gharda Síochána nó ag Coimisinéir Mionnaí mar fhíorchóip den bhunchóip. Caithfidh an duine a dheimhníonn an chóip a (h)ainm, seoladh agus uimhir ghutháin a sholáthar.*

- deimhniú eadóirseachta maraon le cóip dheimhnithe de do phas nó cáipéisíocht oifigiúil eile;
- teastas cláraithe breithe iasachta maraon le cóip dheimhnithe de do phas.

B3. Más rud é nach náisiúnach de chuid na hÉireann tú nó náisiúnach de Bhallstát AE eile[2], an LEE[3] nó an Eilbhéis, caithfidh tú cead reatha a bheith agat fanacht in Éirinn faoi cheann de na catagóirí sa liosta thíos.

a) Dídeanaí

Le bheith measta faoin gcatagóir seo caithfidh tú a bheith i do dhuine:

- atá deimhnithe a bheith i do dhídeanaí faoin Acht na nDídeanaithe 1996, **nó**
- atá ligthe isteach in Éirinn mar Dhídeanaí Cláir, **nó**
- a bhfuil cead faighte agat fanacht in Éirinn mar dhuine de theaghlach teifigh faoi Alt 18 den Acht na nDídeanaithe 1996.

b) Fochosaint

Le bheith measta faoin gcatagóir seo caithfidh tú a bheith i do dhuine:

- le fochosaint faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht le haghaidh Cosanta) 2006, **nó**
- le cead i scríbhinn iontráil agus fanacht in Éirinn faoi Rialachán 16 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Incháilitheacht le haghaidh Cosanta) 2006.

c) Cead fanacht mar bhall teaghlaigh de shaoránach Eilvéiseach, de chuid an AE nó EEA faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2006 agus 2008 (Shaorghluaiseacht Daoine) agus Treoir AE (forálacha Chearta Conartha AE)

Le bheith measta faoin gcatagóir seo caithfidh tú cead a bheith agat fanacht in Éirinn mar bhall teaghlaigh de shaoránach Eilvéiseach, de chuid an AE nó EEA faoi fhorálacha Rialachán na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine) 2006 and 2008 agus Treoir 2004/38/EC de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle.

d) Cead fanacht de bharr a bheith pósta nó i bpáirtnéireacht sibhialta le náisiúnach Éireannach nó de bharr gur leanbh spleách dhuine dá leithéid tú

Le bheith measta faoin gcatagóir seo caithfidh tú cead a bheith agat fanacht in Éirinn toisc go bhfuil tú pósta nó i bpáirtnéireacht sibhialta le náisiúnach Éireannach a bhfuil cónaí air/uirthi in Éirinn nó de bharr gur leanbh spleách tú de dhuine dá leithéid, gan náisiúntacht AE.

e) Cead daonnúil fanacht tugtha sular tháinig an tAcht um Inimirce 1999 i bhfeidhm

Le bheith measta faoin gcatagóir seo caithfidh tú cead daonnúil a bheith faighte agat fanacht in Éirinn (a bronnadh roimh an Acht um Inimirce 1999).

f) Cead fanacht sa Stát i ndiaidh cinneadh gan tú a dhíbirt faoi Alt 3 den Acht um Inimirce 1999

Le bheith measta faoin gcatagóir seo caithfidh tú cead a bheith agat fanacht in Éirinn i ndiaidh cinneadh gan tú a dhíbirt faoi Alt 3 den Acht um Inimirce 1999.

[2] *An Ostair, An Bheilg, An Bhulgáir, An Chipir, Poblacht na Seice, An Danmhairg, An Eastóin, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, An Ungáir, Éire, An Iodáil, An Laitvia, An Liotuáin, Lucsamburg, Málta, An Ísiltír, An Pholainn, An Phortaingéil, An Rómáin, An tSlóvaic, An tSlóivéin, An Spáinn, An tSualainn, An Ríocht Aontaithe*

[3] *An Íoslainn, An Lichtinstéin, An Iorua*

Fianaise cáipéise i leith B3

Más rud é nach náisiúnach Éireannach tú nó náisiúnach de Bhallstát AE eile, an LEE nó an Eilbhéis, caithfidh tú cead reatha a bheith agat fanacht in Éirinn. Beidh ort na cáipéisí oifigiúla seo a leanas ar fad a chur chugainn mar fhianaise:

- litreacha ón Roinn Dlí agus Cirt, agus Comhionannais eisithe chugatsa ag deimhniú sonraí ar do stádas inimirce in Éirinn; agus/nó
- litreacha ón Roinn Dlí agus Cirt, agus Comhionannais eisithe chuig do bhall teaghlaigh nuair atá do stádas inimirce bunaithe ar stádas inimirce in Éirinn do bhall teaghlaigh;
- cártaí Dheimhniú Clárúcháin reatha de chuid Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (GNIB);
- cóip dheimhnithe de do phas.

Féadfaidh d'údarás áitiúil nó CGO cáipéisí breise a lorg ort mar fhianaise bhreise.

B4. Le bheith cáilithe ar dheontas mac léinn caithfidh tú a bheith i do chónaí go dlíthiúil in Éirinn ar feadh ar a laghad 3 bliana de na 5 bliana deiridh go díreach roimh an dáta ar a dtosaíonn bliain staidéir ar chúrsa ceadaithe in institiúid cheadaithe. Más rud é nach bhfuil cónaí ort ar feadh ar a laghad 3 bliana de na 5 bliana is déanaí, beidh ort sonraí a thabhairt dúinn ar do chónaitheacht do na 5 bliana is déanaí sa tábla.

Más rud é go raibh tú i do chónaí go sealadach lasmuigh d'Éirinn toisc go raibh tú ag gabháil do chúrsa staidéir ceadaithe nó taighde iarchéime san AE, ansin b'fhéidir go mbeidh tú incháilithe fós cur isteach ar dheontas mac léinn. Más mar sin atá an scéal, beidh ort a bheith i do chónaí go dlíthiúil in Éirinn ar feadh 3 bliana ar a laghad de na 5 bliana deiridh go díreach sular thosaigh tú ar an gcúrsa staidéir nó taighde.

Más rud é nach sásaíonn tú an riachtanas cónaitheachta in Éirinn, ach go raibh cónaí ort i mBallstát AE eile, sa LEE, nó san Eilbhéis ar feadh ar a laghad 3 bliana de na 5 bliana deiridh go díreach roimh an dáta ar a dtosaíonn bliain staidéir, b'fhéidir go mbeidh tú incháilithe ar dheontas do tháillí oiliúna amháin.

Leagtar amach eolas ar na riachtanais cónaitheachta, in alt 14 den Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011. Tá sé seo ar fáil ar www.studentfinance.ie.

Fianaise cáipéise i leith B4

Más rud é go raibh cónaí ort in Éirinn, san AE, sa LEE, nó san Eilbhéis ar feadh ar a laghad 3 bliana de na 5 bliana deiridh go díreach roimh an dáta ar a dtosaíonn bliain staidéir i do chúrsa, caithfidh tú fianaise ar do chónaitheacht a chur chugainn. Ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a d'fhéadfadh a bheith ann:

- fianaise go ndearna tú scrúduithe an Teastais Sóisearaigh agus na hArdteistiméireachta in Éirinn, nó scrúduithe scoile coibhéiseacha san AE, sa LEE, nó san Eilbhéis;
- litir ó phríomhoide scoile in Éirinn, san AE, sa LEE, nó san Eilbhéis ag deimhniú do fhreastail ar scoil;
- ráitis leasa shóisialaigh nó coibhéisí ón AE, ón LEE, nó ón Eilbhéis;
- billí fóntais;
- clárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB), nó a choibhéis ón AE, ón LEE, nó ón Eilbhéis;
- más náisiúnach neamh-LEE tú, litir ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag deimhniú tréimhse do láithreachta dlíthiúla in Éirinn. Ní féidir linn tréimhsí láithreachta neamhdhlíthiúla a chur san áireamh.

Roinn C — Stair acadúil agus foinsí tacaíochta airgeadais mac léinn an iarratasóra

Cé ba chóir an roinn seo a líonadh isteach?

Ba chóir duitse, an t-iarratasóir, an roinn seo den fhoirm iarratais a líonadh isteach agus gach ceist a fhreagairt.

C2. Caithfidh d'údarás áitiúil nó CGO a fhios a bheith acu ar fhreastal tú ar chúrsaí breisoideachais nó ardoideachais san am atá thart sa chaoi is go mbeidh siad in ann a chinneadh an bhfuil tú incháilithe ar dheontas mac léinn. Caithfidh tú stair iomlán a thabhairt dúinn ar do rannpháirtíocht in aon chúrsa breisoideachais nó ardoideachais, lena n-áirítear aon chúrsa a thosaigh tú ach nár chríochnaigh tú. Más rud é gur chríochnaigh tú nó gur fhreastal tú ar níos mó ná cúrsa amháin, úsáid **an roinn do nótaí breise** ar leathanach 12 den fhoirm iarratais chun an t-eolas a thabhairt maidir le gach cúrsa breise a chríochnaigh tú nó a d'fhreastal tú air.

Fianaise cáipéise i leith C2

Más rud é gur fhreastal tú ar chúrsa ar bith ach nár chríochnaigh tú an cúrsa nó gur chríochnaigh tú an cúrsa agus go bhfuil cáilíocht agat, caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn maidir le gach cúrsa:

- litir ó choláiste nó institiúid ag deimhniú do fhreastail **agus/nó**
- cóip den dámhachtain a fuair tú má chríochnaigh tú cúrsa. Má tá cáilíocht agat ó lasmuigh d'Éirinn, caithfidh tú Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann a fháil le do cháilíocht a dheimhniú don leibhéal comparáide is gaire in Éirinn.

C5. Caithfidh tú a rá le d'údarás áitiúil nó CGO mas rud é go ndearna tú iarratas ar, go bhfuil bronnta ort, nó go mbeidh Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas (LFO) nó íocaíocht faoin Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), á fáil agat don bhliain acadúil 2011/12.

C6. Caithfidh tú a rá le d'údarás áitiúil nó CGO mas rud é go ndearna tú iarratas ar, go bhfuair tú tairiscint, nó go bhfaighidh tú cúnamh airgeadais mac léinn ó fhoinse ar bith ag am ar bith don bhliain acadúil 2011/12. Samplaí de chúnamh airgeadais mac léinn is ea scoláireachtaí, dámhachtainí, urraíocht, spáránachtaí, duaiseanna nó deontais mac léinn eile ó Éirinn nó thar lear.

Fianaise cáipéise i leith C6

Más rud é go bhfuair tú tairiscint de chúnamh airgeadais mac léinn nó maoiniú mac léinn ó eagras bronnta nó maoinithe eile don bhliain acadúil 2011/12, caithfidh tú litir a chur chugainn ón eagras bronnta nó maoinithe ina bhfuil an t-eolas seo a leanas:

- ainm an eagrais bronnta nó maoinithe, agus
- briseadh síos ar an suim iomlán le bronnadh, mar shampla, do chothabháil, do tháillí agus mar sin de.

Nóta: Tá sé calaoiseach iarratas a dhéanamh ar dheontas mac léinn chuig breis agus údarás áitiúil nó CGO amháin ag an am céanna.

Roinn D

Sonraí pearsanta ar do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir

Cé ba chóir an roinn seo a líonadh isteach?

Má tá iarratas á dhéanamh agat mar **mhac léinn spleách ar thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil,** caithfidh do thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil an roinn seo den fhoirm iarratais a líonadh isteach agus an Dearbhú ar leathanach 15 a shíniú. Má tá do thuismitheoirí scartha nó colscartha agus ábalta é seo a chruthú dod' údarás áitiúil nó CGO, ansin ní gá ach don tuismitheoir lena bhfuil tú i do chónaí an roinn seo a líonadh isteach agus ansin an Dearbhú ar leathanach 15 a shíniú.

Má tá iarratas á dhéanamh agat mar **mhac léinn** aibí **aibí spleách ar thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil,** caithfidh do thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlíthiúil an roinn seo den fhoirm iarratais a líonadh isteach agus an Dearbhú ar leathanach 15 a shíniú. Má tá do thuismitheoirí scartha nó colscartha agus ábalta é seo a chruthú dod' údarás áitiúil nó CGO, ansin ní gá ach don tuismitheoir lena bhfuil tú i do chónaí an roinn seo a líonadh isteach agus ansin an Dearbhú ar leathanach 15 a shíniú.

Má tá iarratas á dhéanamh agat mar **mhac léinn aibí neamhspleách** agus má tá tú pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó ag comhchónaí, caithfidh do chéile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir an roinn seo den fhoirm iarratais a líonadh isteach agus an Dearbhú ar leathanach 15 a shíniú. Má tá tú scartha nó colscartha nó i do iar-phairtí sibhialta agus ábalta é seo a chruthú dod' údarás áitiúil nó CGO, ní gá dod' chéile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir an roinn seo den fhoirm iarratais a líonadh isteach.

Nóta: Mura mbaineann an roinn seo leat, scríobh isteach 'N/Bh' go soiléir thar barr na roinne.

D1. Uimhir PSP

Caithfidh tú d'uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) a thabhairt dúinn. Mura bhfuil ceann agat, déan teagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun ceann a lorg. Ní dhéanfaimid an t-iarratas a phróiseáil gan an uimhir seo.

D5. Fianaise cáipéise i leith idirscartha agus colscartha

Má tá tú scartha nó colscartha, nó más iar-pháirtí sibhialta tú (má bhí tú i bpáirtnéireacht shibhialta atá díscaoilte ó shin) caithfidh tú fianaise a chur chugainn ar an scaradh nó ar an gcolscaradh nó ar an bpáirtnéireacht shibhialta dhíscaoilte agus cruthúnas go bhfuil tú ag cónaí ar leithligh.

Ba chóir go mbeadh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas san áireamh:

- Comhaontú scartha;
- Foraithne colscartha;
- Foraithne díscaoilte do pháirtnéireacht shibhialta
- Fianaise ón Roinn Coimirce Soisialaí go bhfuil íocaíocht á fháil agat faoi láthair do staid teaghlaigh tuismitheora aonair ar nós:
  - Íocaíocht teaghlaigh tuismitheora aonair
  - Liúntas Banchéile Thréigthe;
- Mura bhfuil comhaontú dlíthiúil ann, litir ó do dhlíodóir ag dearbhú go bhfuil tú scartha agus/nó go bhfuil imeachtaí dlí ar feitheamh.
- Fianaise go bhfuil tú ag cónaí ar leithligh.

D9. Gairm

Tabhair cur síos ar do phríomh-phost, led' thoil. Déan cinnte go mbaineann tú úsáid as téarmaí cruinn ar nós 'bainisteoir i siopa miondíola' seachas 'bainisteoir'. Is do chúiseanna staitistice amháin an cheist seo agus is ceist roghnach í.

Roinn E — Sonraí maidir le leanaí cleithiúnacha

Cé ba chóir an roinn seo a líonadh isteach?

Má tá iarratas á dhéanamh agat mar **mhac léinn spleách ar thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí**, caithfidh do thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí an roinn seo a líonadh isteach agus sonraí ar a leanaí spleácha eile a thabhairt dúinn agus má tá leanaí cleithiúnacha agat féin caithfidh tú freisin an roinn seo den fhoirm a líonadh isteach agus sonraí ar do leanaí spleácha féin a thabhairt dúinn. Ní mór do na leanaí spleácha atá liostaithe agat a bheith ag cónaí le do thuismitheoirí nó caomhnóir dlí nó leatsa an mac léinn spleách.

Má tá iarratas á dhéanamh agat mar **mhac léinn aibí spleách ar thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí**, caithfidh do thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí an roinn seo a líonadh isteach agus sonraí ar a leanaí spleácha eile a thabhairt dúinn agus má tá leanaí cleithiúnacha agat féin caithfidh tú freisin an roinn seo den fhoirm a líonadh isteach agus sonraí ar do leanaí spleácha féin a thabhairt dúinn. Ní mór do na leanaí spleácha atá liostaithe agat a bheith ag cónaí le do thuismitheoirí nó caomhnóir dlí nó leatsa an mac léinn spleách.

Má tá iarratas á dhéanamh agat mar mhac léinn aibí neamhspleách, agus má tá leanaí spleácha agat, caithfidh tú an roinn seo a líonadh isteach agus sonraí ar do leanaí spleácha féin a thabhairt dúinn maraon le leanaí spleácha do chéile má bhaineann. Ní mór do na leanaí spleácha a liostáileann tú a bheith ag cónaí leatsa an mac léinn aibí neamhspleách nó le do chéile.

Nóta: Mura mbaineann an roinn seo leat, scríobh isteach 'N/Bh' go soiléir thar barr na roinne.

E1. Caithfidh tú an cheist seo a fhreagairt sa chaoi is gur féidir linn na teorainneacha ioncaim inríofa ceart a chur i bhfeidhm.

Fianaise cáipéise i leith E1

Litir ó dhochtúir teaghlaigh nó eagras leighis cuí nuair atá leanbh spleách 16 bliana nó os a cionn agus deimhniú liachta ina leith go bhfuil siad easlán go buan chun obair a dhéanamh.

Tuilleadh eolais a d'fhéadfaí a lorg:

- litir óna scoil nó institiúid ag rá gur fhreastail siad ar an scoil nó ar an institiúid i 2010/11.
- Teastas breithe do gach leanbh spleách.

E2. Caithfidh tú an cheist seo a fhreagairt sa chaoi is go mbeimid in ann na teorainneacha ioncaim inríofa a ardú maidir le leanaí eile atá ag freastal ar chúrsa lánaimseartha a mhaireann tréimhse bliana amháin ar a laghad mar a shonraítear sa Scéim Dheontais do Mhic Leinn 2011 chun críocha méaduithe na seo.

Fianaise cáipéise i leith E2

Má tá níos mó ná 2 leanbh spleách, ag freastal ar chúrsa lánaimseartha a mhaireann tréimhse bliana amháin ar a laghad, mar a leagtar amach sa Scéim Dheontais do Mhic Léinn 2011, caithfidh tú litir a chur chugainn ón gcoláiste nó institiúid ag dearbhú go mbeidh an mac léinn/na mic léinn ag freastal go lánaimseartha i 2011/12.

Nóta: Má tá an t-iarratasóir agus duine amháin eile nó níos mó cuí, lena n-áirítear leanaí spleácha mar a luaitear thuas, nó tuismitheoirí an mhic léinn spleách, nó céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir an mhic léinn aibí neamhspleách ag freastal ar chúrsa lán-aimseartha a mhaireann tréimhse bliana amháin ar a laghad, mar a sonraítear sa Scéim Dheontais do Mhic Léinn 2011, caithfidh tú litir a chur chugainn ón gcoláiste nó institiúid ag dearbhú go mbeidh an mac léinn/na mic léinn ag freastal go lánaimseartha i 2011/12. Ligfidh sé seo dúinn cinneadh an féidir linn na teorainneacha d'ioncam inríofa a ardú i dtaca leis na daoine eile cuí atá ag freastal ar chúrsa lán-aimseartha a mhaireann tréimhse bliana amháin ar a laghad mar a shonraítear sa Scéim Dheontais do Mhic Léinn 2011 chun críocha na méaduithe seo.

Roinn F Ioncam inríofa

Chun a mheas an bhfuil tú incháilithe ar dheontas mac léinn, caithfidh d'údarás áitiúil nó CGO eolas a bheith acu ar d'fhoinsí ioncaim ar fad do 2010. B'fhéidir go bhfuil cuma an-chasta ar an roinn seo ach mura mbaineann ceist leat ní gá ach tic a chur le "ní hea/ní bhfuair" srl don cheist seo. Más rud é go mbaineann ceist leat, tabhair freagra iomlán. Más rud é nach bhfuil tú cinnte an bhfuil rud éigin bainteach, cuir isteach sa **roinn nótaí breise** ar leathanach 12 den fhoirm iarratais é.

Cé ba chóir an roinn seo a líonadh isteach?

Má tá iarratas á dhéanamh agat mar **mhac léinn spleách ar thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí,** caithfidh tusa agus do thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí an roinn seo a líonadh isteach, na cáipéisí ar fad a iarraimid a chur isteach chugainn agus an Dearbhú ar leathanach 15 den fhoirm iarratais a shíniú. Má tá do thuismitheoir(í) scartha nó colscartha agus ábalta é seo a chruthú, ansin ní gá ach don tuismitheoir nó don chaomhnóir dlí lena bhfuil tú i do chónaí an roinn seo den fhoirm iarratais a líonadh isteach agus na cáipéisí a iarraimid a chur isteach chugainn.

Má tá iarratas á dhéanamh agat mar **mhac léinn aibí spleách ar thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí,** caithfidh tusa agus do thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí an roinn seo a líonadh isteach, na cáipéisí ar fad á iarraimid a chur isteach chugainn agus an Dearbhú ar leathanach 15 den fhoirm iarratais a shíniú. Má tá do thuismitheoirí scartha nó colscartha agus tú ábalta é seo a chruthú, ansin ní gá ach don tuismitheoir nó don chaomhnóir dlí lena bhfuil tú i do chónaí an roinn seo den fhoirm iarratais a líonadh isteach agus na cáipéisí a lorgaímid a chur isteach chugainn.

Má tá iarratas á dhéanamh agat mar **mhac léinn aibí neamhspleách, caithfidh tusa** an roinn seo den fhoirm iarratais a líonadh isteach, na cáispéisí ar fad a iarraimid a chur isteach chugainn agus an Dearbhú ar leathanach 15 den fhoirm iarratais a shíniú. Má tá tú pósta, i bpáirtnéireacht shibhialta nó ag comhchónaí, caithfidh do chéile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir an roinn seo a líonadh isteach agus an Dearbhú ar leathanach 15 a shíniú.

Pointí tábhachtacha le meabhrú agus an roinn seo á líonadh isteach agat

- Séard is ioncam inríofa do chúiseanna deontas mac léinn ná ollioncam ó fhoinsí uilig, cibé an éiríonn sé in Éirinn nó thar lear. Is é an t-ioncam a chuirtear san áireamh ná an t-ollioncam roimh asbhaintí do ÍMAT, cáin ioncaim, cáin ghnóthachan caipitiúil, ÁSPC (árachas sóisialta), tobhach ioncaim, agus mar sin de. Caithfimid a fhios a bheith againn faoi **gach** ioncam lena n-áirítear ioncam a luaitear mar 'saor ó cháin, 'cáin íoctha', 'neamh-inchánach' nó 'díolmhaithe ó cháin'.
- Don bhliain acadúil seo 2011/12, féachfaimid ar gach ioncam ag éirí sa tréimhse thagartha 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010.
- Caithfidh tú gach ioncam a dhearbhú ar an bhfoirm iarratais seo cibé an n-éiríonn sé in Éirinn nó thar lear. Áit ar bith a bhfuil **ioncam iasachta** agat, cuir isteach coibhéis euro na n-ollshuimeanna.
- Más rud é nach bhfuil tú cinnte cibé ar chóir ioncam, fáltas nó leas a chur san áireamh i ríomh an ioncaim inríofa, tabhair sonraí dúinn, agus na suimeanna san áireamh, nuair atá d'fhoirm iarratais á sheoladh isteach agat chugainn. Cuideoidh sé seo le haon mhíthuiscint a sheachaint a d'fhéadfadh teacht aníos nuair atá an t-iarratas á phróiseáil.
- Lean na treoracha d'**fhianaise cáipéise do gach ceist** sa roinn seo go cúramach. Caithfidh tú ná cáipéisí ar fad a lorgaímid a sheoladh isteach chugainn. Má theipeann ort é seo a dhéanamh cuirfear moill ar phróiseáil d'iarratais ar dheontas.

F1. Ioncam ó fhostaíocht

Más rud é go raibh tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, fostaithe ag am ar bith i 2010, cibé lánaimseartha, páirtaimseartha nó sealadach, caithfidh tú an t-ollioncam iomlán a tuilleadh i 2010, agus sochar comhchineáil ar bith san áireamh, ó gach fostaíocht Éireannach agus thar lear, a thabhairt dúinn.

Pointí tábhachtacha le meabhrú agus an cheist seo á fhreagairt:

- **Sochair Comhchineáil**
  Áirimid sochair comhchineáil ag a bhfigiúr do chúiseanna cánach ioncaim.
- **Costais a bhaineann le fostaíocht**
  Ceadaímid an asbhaint céanna ó ioncam do chostais a bhaineann go díreach le fostaíocht mar a leagtar amach i do Ráiteas Comhardaithe ÍMAT P21 do 2010.
- **Tuillimh an iarratasóra ó fhostaíocht saoire**
  Caithfidh tusa, an t-iarratasóir aon ioncam do 2010 a chur san áireamh sa roinn seo. Ceadófar asbhaint do thuillimh saoire réasúnta atá ina ioncam tuillte ag an iarratasóir ó fhostaíocht lasmuigh d'am téarma
- **Stiúrthóir dílseánach**
  Más rud é go raibh tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, ina stiúrthóir dílseánach nó scarshealbhóir ar chomhlacht teoranta i 2010, caithfidh tú sonraí a thabhairt dúinn ar aon luach saothair ón gcomhlacht nó comhlachtaí sa roinn seo den bhfoirm iarratais. Caithfidh tú ceist **F6, 'Sonraí ar stiúrthóireachtaí dílseánacha agus scarshealbhuithe'** a líonadh isteach freisin.
- **Ioncam tuillte i mbliain cánach roimhe sin**
  Má chuireann do P60 nó P45 san áireamh suimeanna a íocadh sa bhliain cánach 2010, ach a tuilleadh i mblianta cánach roimhe sin (mar a tharlaíonn uaireanta nuair a íoctar ragobair, coimisiún, bónais nó arduithe pá go suntasach mar riaráistí), is féidir leat é seo a rá leis na Coimisinéirí Ioncaim agus na suimeanna seo a bheith curtha ar leataobh ó do Ráiteas Comhardaithe ÍMAT P21 do 2010. Ansin is féidir iad seo a chur ar leataobh ó d'ioncam i 2010 do chúiseanna ioncaim inríofa chun críocha deontais.
- **Íocaíochtaí ragoibre neamh-athfhillteacha**
  Más féidir leat a chruthú nach íocaíochtaí athfhillteacha iad íocaíochtaí ragoibre, is féidir le d'údarás áitiúil nó CGO neamhaird a dhéanamh díobh agus ioncam inríofa á mheas. I gcásanna dá leithéid déanfar d'iarratas a athmheas an bhliain acadúil dar gcionn.

Fianaise cáipéise i leith F1

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- P60 do gach fostaíocht a bhí agat ag deireadh na bliana cánach 2010 agus a fhaigheann tú ó d'fhostóir(í);
- Ráiteas Comhardaithe ÍMAT P21 gur féidir a fháil ar líne ag www.revenue.ie nó trí theagmháil a dhéanamh le d'oifig áitiúil Choimisinéirí Ioncaim;
- P45 más rud é gur chríochnaigh tú fostaíocht i 2010;
- Duillíní pá do thuillimh an iarratasóra ó fhostaíocht saoire lasmuigh d'am téarma i 2010
- Ioncam tuillte i mbliain cánach roimhe sin:
  - litir ón bhfostóir a léiríonn an tsuim a tuilleadh sa bhliain 2009 ach a íocadh sa bhliain 2010 agus a bhí san áireamh sa P60/P45 do 2010. Freisin, caithfidh an litir a rá cén tsuim a tuilleadh sa bhliain 2010 ach nár íocadh i 2010 agus a tógadh ar aghaidh le híoc sa

bhliain 2011.

- Íocaíochtaí ragoibre neamh-athfhillteacha:
  - litir ón bhfostóir ag rá nach mbeidh an ragobair ann arís sa bhliain cánach reatha. Freisin beidh sé riachtanach P60 a sholáthar dos na blianta cánach 2010 agus 2009 araon. Nuair atá neamhaird déanta de ragobair mar ioncam inríofa, déanfar gach cás dá leithéid a athmheas sa bhliain acadúil dar gcionn.
- Ioncam iasachta:
  - teastaíonn fianaise cáipéise uainn don bhliain cánach, 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010. Mar shampla, má tá ioncam agat ag éirí sa Ríocht Aontaithe, beidh ort P60 Ríocht Aontaithe do 5 Aibreán 2010 agus 5 Aibreán 2011 a chur chugainn, chun an bhliain cánach 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2011 a chlúdach.

F2. Íocaíochtaí leasa shóisialaigh

Más rud é go bhfuair tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, íocaíocht leasa shóisialaigh ón Stát seo nó an íocaíocht choibhéiseach ó Stát eile (seachas sochar linbh) ag am ar bith i 2010, caithfidh tú sonraí a thabhairt dúinn.

Caithfidh tú ainm gach íocaíochta a fuair tú i 2010 a thabhairt dúinn (mar shampla, Sochar Cuardaitheora Poist, Pinsean Stáit Leasa Shóisialaigh (Ranníocach nó Neamh-Ranníocach), Pinsin Stáit na Ríochta Aontaithe). Cuir isteach an ollshuim iomlán d'íocaíochtaí leas shóisialaigh a fuair tú sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

Fianaise cáipéise i leith F2

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- **ráiteas** ón Roinn Coimirce Sóisialaí ina bhfuil an t-eolas seo a leanas:
  - ainm an duine ag fáil na híocaíochta,
  - an cineál íocaíochta,
  - an méid a fuair an duine i 2010,
  - cibé an raibh Liúntas do Dhuine Aosaithe Cáilithe san áireamh san íocaíocht nó nach raibh agus má bhí, an tsuim,
  - cibé an raibh Ardú do Leanbh Spleách san áireamh san íocaíocht nó nach raibh agus má bhí, do cé mhéid leanaí agus an tsuim do gach leanbh,
  - an dáta ar thosaigh na híocaíochtaí,
  - an dáta ar stop na híocaíochtaí, (más cuí).
- Má tá íocaíocht leasa shóisialaigh á fháil agat ó lasmuigh d'Éirinn, beidh ort na sonraí thuas a chur chugainn ón údarás cuí.

Ní chuirfimid san áireamh íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe nuair atá ioncam inríofa á ríomh againn ach caithfear na sonraí a thabhairt sa ráiteas ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Déantar íocaíochtaí nach gcuirtear san áireamh nuair atá ioncam inríofa á ríomh a liostáil mar neamhairde ioncaim sa scéim dheontais do mhic léinn ar www.studentfinance.ie nó is féidir iad a fháil ó d'údarás áitiúil nó CGO.

F3. Íocaíochtaí ó ranna rialtais eile nó gníomhaireachtaí stáit ar nós Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS - HSE), FÁS nó údarás áitiúil

Más rud é go bhfuair tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó

comháitritheoir, mar a bhaineann, íocaíocht ó roinn rialtais eile nó gníomhaireacht stáit ar nós Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS - HSE), FÁS nó údarás áitiúil agus mar sin de, ag am ar bith sa bhliain 2010, caithfidh tú sonraí a thabhairt dúinn.
Caithfidh tú ainm gach íocaíochta a fuair tú i 2010 a liostáil (mar shampla, scéim fostaíochta pobail, liúntas leasa forlíontach, liúntas cíosa, liúntas úis morgáiste). Cuir isteach suim iomlán na n-íocaíochtaí a fuair tú sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

Fianaise cáipéise i leith F3

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- **ráiteas** ó gach roinn rialtais nó gníomhaireacht stáit leis an eolas seo a leanas:
  - ainm an duine ag fáil na h-íocaíochta,
  - an cineál íocaíochta,
  - an tsuim a fuair an duine i 2010,
  - an dáta ar thosaigh na híocaíochtaí,
  - an dáta ar stop na híocaíochtaí, (más cuí).

F4. Féinfhostaíocht nó feirmeoireacht

Más rud é go raibh tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlí, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a cuí, féinfhostaithe nó ag gabháil don bhfeirmeoireacht ag am ar bith i 2010, caithfidh tú sonraí a thabhairt dúinn ar an ioncam a tuilleadh. Má tá do bhliain gnó éagsúil ón mbliain cánach, féachfaimid ar an ioncam a thaispeántar i do chuntais gnó do bhliain a chríochnaíonn sa bhliain cánach 2010, idir 1 Eanáir 2010 agus 31 Nollaig 2010. Seo é an bunús céanna a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim chun d'ioncam a ríomh don bhliain cánach.

Pointí tábhachtacha le meabhrú agus ioncam inríofa d'fhéinfhostaíocht agus feirmeoireacht a ríomh:

- **Brabús nó caillteanas**
  Úsáidimid an brabús nó caillteanas leasaithe do cháin ioncaim agus déanaimid na leasuithe seo a leanas chun ioncam inríofa ó fhéinfhostaíocht agus feirmeoireacht a ríomh:

  Díluacháil/liúntais caipitil cánach
  Ní cheadaímid aon asbhaint do dhíluacháil, liúntais caipitil cánach nó díluachálacha cánach nuair atá ioncam inríofa á ríomh do chúiseanna deontas mac léinn.

  Ús dícheadaithe
  Ní cheadaímid asbhaint d'ús ar iasachtaí a mhaoiníonn sócmhainní seasta an ghnó nó caiteachas pearsanta an úinéara do chúiseanna deontas mac léinn.

  Íocaíochtaí léasa airgeadais
  Séard is íocaíocht léasa airgeadais ná aisíoc ar iasacht do chúiseanna caiteachais caipitil maraon leis na costais a ghabhann leo. Ó tharla nach gceadaímid aon asbhaint do chaiteachas caipitil, nó ús ar iasachtaí do chúiseanna caiteachais caipitil, caithfimid íocaíochtaí léasa airgeadais a dhícheadú freisin.

  Leasú pá agus luach saothair
  Tá roinnt cásanna ann áir nach gceadaímid asbhaint do luach saothair gearrtha sna cuntais. Má tá iontráil um phá nó luach saothair i do chuntas brabúis agus caillteanais, caithfidh tú na sonraí seo a leanas a thabhairt dúinn:

- aon phá nó íocaíochtaí a rinneadh gan na rialacháin ÍMAT agus ÁSPC nó rialacháin choibhéiseacha;
- pá nó íocaíochtaí chuig leanaí spleácha;
- pá nó íocaíochtaí chuig leanaí neamhspleácha nuair atá an íocaíocht os cionn an noirm don obair a rinneadh.

- **Meánú ioncaim don bhfeirmeoireacht**
  Cé go mbaintear úsáid as an meán-ioncam thar trí bliana chun dliteanas cánach ioncaim feirmeora a ríomh, ní bhaintear úsáid ach as ioncam na bliana cuí chun ioncam inríofa do chúiseanna deontas mac léinn a ríomh.

- **Cuóta Bainne**
  Más rud é go bhfuair tú cúiteamh ar fionraí shealadach ar chuóta bainne, caithfidh tú é seo a chur san áireamh mar ioncam ó fhéinfhostaíocht.

  Más rud é gur dhíol tú cuóta bainne i 2010, caithfidh tú sonraí a thabhairt dúinn agus **Tábla um Shócmhainní agus Cearta a Dhíol** a líonadh isteach mar a luaitear i **Roinn F, ceist F11, 'Ioncam ó shócmhainní agus cearta a dhíol'** de na treoirnótaí seo.

- **Faoiseamh stoc feirme**
  Déantar neamhaird den leasú ar cháin ioncaim d'fhaoiseamh stoc feirme nuair atá ioncam inríofa á ríomh.

- **Caiteachas pearsanta**
  Ní cheadaímid asbhaint ar bith do chaiteachas pearsanta a mhuirearú in aghaidh an ghnó.

- **Caillteanais**
  Is féidir caillteanais ag éirí as trádáil seachas trádáil atá ag feidhmiú ar bhonn neamhthráchtála a fhritháireamh in aghaidh gach foinse eile ioncaim sa tréimhse thagartha.Faraor ní féidir caillteanais atá á tabhairt ar aghaidh ó bhliain roimhe sin a fhritháireamh.

Fianaise cáipéise i leith F4

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- Cóip de chuntais (is é sin, cuntas trádála, cuntas brabúis agus caillteanais, cuntas caipitil agus clár comhardaithe) do gach gnó don bhliain dar críoch idir 1 Eanáir 2010 agus 31 Nollaig 2010. **Ní shásaíonn** na leathanaigh le sleachta ó na cuntais ó do Thuairisc Ioncaim an riachtanas seo;
- Ríomh Brabúis Leasaithe do cháin ioncaim don bhliain cánach 2010;
- Fógra Measúnachta do 2010 nó a choibhéis iasachta;
- Má bhaineann sé leat, litir reatha ó na Coimisinéirí Ioncaim a thugann díolúine duit ó thuairisceán cáin ioncaim nó a coibhéis ó Stát eile a chur isteach;
- Más rud é go raibh costas pá nó luach saothair san áireamh sna cuntais, caithfidh tú an briseadh síos mionsonrach a luaitear thuas faoi leasú pá agus luach saothair a thabhairt dúinn.

F5. Cíos agus ioncam eile ó thalamh agus réadmhaoin

Más rud é go raibh cíos nó ioncam eile ó thalamh agus réadmhaoin in Éirinn nó thar lear agatsa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, ag am ar bith le linn na bliana 2010, caithfidh tú sonraí a thabhairt dúinn.

- **Brabús nó caillteanas**
  Bainimid úsáid as an mbrabús nó caillteanas ó thalamh agus réadmhaoin mar a thaispeántar i do ráiteas ar ioncam cíosa agus déanaimid leasuithe chun an t-ioncam inríofa ó thalamh agus réadmhaoin a ríomh.

  Cuirimid na treoirlínte céanna i bhfeidhm chun ioncam inríofa ó chíos agus ioncam eile ó thalamh agus réadmhaoin a ríomh agus a úsáidimid d'obair fhéinfhostaithe nó feirmeoireacht mar a luaitear i **Roinn F, F4 'Féinfhostaíocht nó feirmeoireacht'** de na treoirnótaí seo.

- **Faoiseamh de Chineál Ailt 23**
  Ní cheadaímid asbhaint ar bith do chaiteachas caipitil, is cuma conas a phléitear leis do cháin ioncaim.

- **Caillteanais chíosa**
  Ní féidir caillteanais chíosa a fhritháireamh in aghaidh ioncaim eile sa tréimhse thagartha.

Fianaise cáipéise i leith F5

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- Cóip de chuntais (is é sin, cuntas trádála, cuntas brabúis agus caillteanais, cuntas caipitil agus clár comhardaithe) nó ráiteas ar ioncam cíosa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010. **Ní shásaíonn** na leathanaigh le sleachta ó na cuntais ó do Thuairisc Ioncaim an riachtanas seo;
- Ríomh Brabúis Coigeartaithe do cháin ioncaim do 2010;
- Fógra Measúnachta do 2010 nó a choibhéis iasachta;
- Má bhaineann sé leat, litir reatha ó na Coimisinéirí Ioncaim a thugann díolúine duit ó thuairisceán cáin ioncaim nó a coibhéis ó Stáit eile a chur isteach;
- Más rud é go raibh costas pá nó luach saothair san áireamh sna cuntais, caithfidh tú an briseadh síos mionsonrach a luaitear san treoirnótaí seo, ag **Roinn F, F4 – 'Féinfhostaíocht nó Feirmeoireacht, Leasú pá agus luach saothair a thabhairt dúinn.**

F6. Sonraí maidir le stiúrthóireachtaí agus scarshealbhú

Nuair a íoctar aon chuid de d'ioncam nó ioncam do thuismitheora/thuismitheoirí, do chaomhnóra dlíthiúil, do chéile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, ag comhlacht teoranta a bhfuil tusa i do stiúrthóir dílseánach air, nó a bhfuil scarsheilbh shuntasach agat ann, (áit is féidir leat smacht a bheith agat, go díreach nó go hindíreach ar 15% nó níos mó de na cearta vótála), caithfidh tú sonraí a thabhairt dúinn.

Fianaise cáipéise i leith F6

Caithfidh tú an t-eolas seo a leanas a thabhairt dúinn mar fhianaise:

- ainm cláraithe an chomhlachta;
- uimhir chláraithe an chomhlachta;
- an céatadán de na cearta vótála a bhfuil smacht agat orthu.

Mar chuid den phróiseas dearbhaithe, b'fhéidir go lorgóimid cóipeanna de chuntais iniúchta na gcomhlachtaí seo.

Ba chóir duit sonraí ar an luach saothair ón gcomhlacht nó ó na comhlachtaí, sochair comhchineáil san áireamh, i **Roinn F, ceist F1, 'Ioncam ó fhostaíocht'** den bhfoirm iarratais.

F7. Ioncam ó phinsin seachas Pinsin Stáit Leasa Shóisialaigh

Más rud é go bhfuil ioncam agatsa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, ó phinsin seachas an Pinsean Stáit Leasa Shóisialaigh ranníocach agus neamhranníocach caithfidh tú sonraí a thabhairt dúinn. Má tá an Pinsean Stáit Leasa Shóisialaigh á fháil agat, ba chóir duit sonraí an Phinsin Stáit a líonadh isteach i **Roinn F, ceist F2, 'íocaíochtaí leasa shóisialaigh'** den bhfoirm iarratais.

Fianaise cáipéise i leith F7

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- litir ó d'fhostóir(í) nó ón eagras/eagrais a riarann do phinsean;
- P60 (anna) a dhearbhaíonn an ollshuim a fuair tú 2010;
- P21 Ráiteas Comhardaithe ÍMAT nó Fógra Measúnachta do 2010

Nóta: Aistarraingtí ó tháirgí pinsin

Ba chóir duit aistarraingtí a líonadh isteach, ach amháin an chnapshuim saor ó cháin, ó tháirgí pinsin ar nós Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA), Ciste Scoir Formheasta (ARF) nó Ciste Scoir Íosta Formheasta (AMRF) i Roinn F, ceist F12, 'Ioncam i 2010 ó fhoinse ar bith nach bhfuil luaite thuas' sa bhfoirm iarratais. Ba chóir an chnapshuim saor ó cháin a aistarraingíodh a líonadh isteach faoi Roinn F, ceist F10 'Íocaíochtaí cnapshuime ó scor agus iomarcaíocht' den bhfoirm iarratais.

F8. Ioncam ó choigiltí, cuntais taisce agus infheistíochtaí

Más rud é go bhfuil airgead nó infheistíochtaí agatsa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, in institiúid airgeadais nó áit eile, líon isteach ollshuim an úis nó an ioncaim ar fad a tuilleadh ó choigiltis, cuntais taisce, iasachtaí pearsanta a rinne tú agus infheistíochtaí (stocanna, scaranna, bannaí, urrúis agus díbhinní) i 2010.

Cuimsíonn infheistíochtaí teastais coigiltis, bannaí árachas saoil agus ionstraimí airgeadais eile nuair a charnaíonn an t-ús nó brabús agus nuair a íoctar é mar chnapshuim ag deireadh na tréimhse infheistíochta. Má tá an cineál infheistíochta seo agat, caithfidh tú codán den ús nó brabús deiridh a chur san áireamh i d'ioncam inríofa. Déantar an codán le cur san áireamh a ríomh tríd an ús nó brabús iomlán ag deireadh na tréimhse infheistíochta a roinnt ar líon na mblianta ina mbeidh sé carnaithe.

Mar shampla, dá ndéanfaí €5,000 a infheistiú i 2009, a shroichfeadh olliomlán €7,500 i ndiaidh 5 bliana, bheadh ioncam bliantúil de €500 aige (is é sin, €2,500 roinnte ar 5) do chúiseanna ioncaim inríofa do 2010. Ba chóir an t-ús bliantúil a dháileadh de réir ama don bhliain ina ndéantar an infheistíocht agus an bhliain ina réadaítear an infheistíocht nuair a bhíonn na tréimhsí seo níos lú ná bliain amháin.

Ba chóir duit oll-ús a chur san áireamh sula mbaintear cáin na hÉireann.

Do dháiliúcháin ó chomhlachtaí Éireannacha, ba chóir duit an tsuim a fuarthas agus an cháin Éireannach a baineadh a chur san áireamh.

D'ús agus díbhinní iasachta, ba chóir duit coibhéis euro na hollshuime a tuilleadh roimh cháin iasachta, más ann dó, a chur síos.

Fianaise cáipéise i leith F8

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- Ráiteas ar an ús/díbhinní a íocadh ón institiúid airgeadais nó soláthróir eile, mar shampla, banc, cumann tógála, oifig an phoist nó comhar creidmheasa, agus mar sin de, a chlúdaíonn an tréimhse 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010;
- P21 Ráiteas Comhardaithe ÍMAT nó Fógra Measúnachta do 2010.

F9. Ioncam ó shocruithe cothabhála

Más rud é go bhfuair tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, íocaíocht cothabhála in 2010 caithfidh tú sonraí a thabhairt dúinn. Clúdaíonn íocaíochtaí cothabhála airgead a fuarthas mar chothabháil agus aon íocaíocht eile a rinneadh chuig tríú páirtí mar chuid de dhualgas cothabhála, mar shampla, cíos, aisíocaíochtaí morgáiste agus iasachta, árachas agus árachas saoil, cothabháil teaghlaigh, deisiúcháin agus athnuachan, leigheas, oideachas agus mar sin de.

Fianaise cáipéise i leith F9

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- Comhaontú cothabhála a luann méid na cothabhála a fhaigheann tú gach mí;
- P21 Ráiteas Comhardaithe ÍMAT nó Fógra Measúnachta do 2010.
- Fianaise ar íocaíochtaí cothabhála chomh maith le fianaise ar bhillí, morgáistí, cíos, oiliúint nó aon íocaíochtaí eile dá leithéid a rinneadh mar chuid de shocrú cothabhála.

F10. Íocaíochtaí cnapshuime ó scor nó iomarcaíocht

Más rud é go bhfuair tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir mar a bhaineann, cnapshuim i 2010 ó scor nó ó chríoch fostaíochta (iomarcaíocht san áireamh), caithfidh tú sonraí a thabhairt dúinn.

Scor:

Más rud é go ndeachaigh tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir mar a bhaineann ar scor i 2010 ó fhostaíocht nó féinfhostaíocht agus má fuair cnapshuim, cuirimid codán den chnapshuim san áireamh chun ioncam inríofa a ríomh do chúiseanna deontas mac léinn. Déanaimid an codán a thógaimid san áireamh a ríomh tríd an chnapshuim scoir a roinnt ar líon na mblianta de sheirbhís inphinsin. Má tá tú féinfhostaithe, is í an ‘tseirbhís inphinsin’ ba chóir duit a líonadh isteach ná líon na mblianta a ndearna tú ranníocaíochtaí chuig táirge scoir ina leith.

Fianaise cáipéise i leith scoir

Caithfidh tú an cháipéis seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- litir ó d’fhostóir nó ón eagras a riarann do phinsean ag rá:
  - dáta do scoir;
  - olliomlán do chnapshuime;
  - líon na mblianta de sheirbhís inphinsin nó líon na mblianta de ranníocaíochtaí;
  - d’ollphinsean bliantúil.

Iomarcaíocht:

Más rud é gur chríochnaigh tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, fostaíocht nó go ndearnadh iomarcach i 2010 agus fuair cnapshuim, tógaimid codán den chnapshuim san áireamh chun ioncam inríofa a ríomh do chúiseanna deontas mac léinn. Déanaimid an codán a thógaimid san áireamh a ríomh tríd an chnapshuim a roinnt ar líon na mblianta de sheirbhís leis an bhfostóir.

Fianaise cáipéise i leith iomarcaíochta

Caithfidh tú an cháipéis seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- litir ó d'fhostóir ag rá:
  - an dáta ar a chríochnaigh tú fostaíocht nó ar a rinneadh iomarcach tú;
  - olliomlán do chnapshuime;
  - líon na mblianta seirbhíse le d'fhostóir.

Nóta: Aistarraingtí ó tháirgí pinsin

Ba chóir duit aistarraingtí a líonadh isteach, (ach amháin an chrapshuim saor ó cháin a ba chóir a chur isteach sa roinn seo, ó tháirgí pinsin ar nós Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA), Ciste Scoir Formheasta (ARF) nó Ciste Scoir Íosta Formheasta (AMRF) i Roinn F, ceist F12, 'Ioncam i 2010 ó fhoinse ar bith nach bhfuil luaite thuas' sa bhfoirm iarratais.

F11. Ioncam ó shócmhainní nó cearta a dhíol

Más rud é go bhfuair tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, ioncam ó shócmhainní nó cearta a dhíol i 2010 (ach amháin ó na heisceachtaí atá sa liosta thíos), beidh ort **Tábla um Shócmhainní agus Cearta a Dhíol** a thugann mionsonraí ar an bhfáltas nó ar an gcaillteanas a tharla. Is féidir leat an **Tábla um Shócmhainní agus Cearta a Dhíol** a íoslódáil ó www.studentfinance.ie nó é a fháil ó d'údarás áitiúil nó CGO. Is í an tsuim atá le cur san áireamh san ioncam inríofa maidir le gach díolachán ná an fíor-fháltas nó an fíor-chaillteanas roinnte ar líon na mblianta a raibh an sócmhainn nó ceart i seilbh.

Is féidir caillteanais ag éirí as sócmhainn a dhiúscairt a fhritháireamh in aghaidh gach foinse ioncaim eile sa tréimhse thagartha.

Caithfidh tú sonraí a thabhairt maidir le gach fáltas agus caillteanas ar dhíol sócmhainní nó cearta, cibé an raibh díolúine acu ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil na hÉireann nó a choibhéis iasachta nó nach raibh.

Is iad seo a leanas na heisceachtaí:

- Príomháit chónaithe phríobháideach a dhíol ach amháin nuair a léiríonn an praghas díolta luach forbartha;
- I gcás mic léinn aibí neamhspleách:
  - diúscairtí idir iarratasóir agus a c(h)éile, p(h)áirtí sibhialta nó c(h)omháitritheoir;
  - diúscairtí ó iarratasóir agus a c(h)éile chuig a leanaí spleácha.
- I gcás iarratasóirí eile ar fad:
  - diúscairtí idir thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí;
  - diúscairtí ó thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí chuig iarratasóir;
  - diúscairtí ó thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí chuig a leanaí spleácha

Fianaise cáipéise i leith sócmhainní nó cearta a dhíol

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- An **Tábla um Shócmhainní agus Cearta a Dhíol** líonta isteach a thaispeánann an brabús nó caillteanas ar dhiúscairt na sócmhainne nó an chearta' . Is féidir leat an **Tábla um Shócmhainní agus Cearta a Dhíol** seo a íoslódáil ó www.studentfinance.ie nó é a fháil ó d'údarás áitiúil nó CGO.
- Measúnacht ar Cháin Ghnóthachan Caipitiúil do 2010;

Polasaí árachas saoil a réadú

Más rud é go ndearna tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, fáltas ar réadú pholasaí árachas saoil nó aonaid i gciste infheistíochta i 2010, caithfidh tú sonraí a thabhairt dúinn. Ní thógtar ach codán den bhfáltas san áireamh nuair atá ioncam inríofa á ríomh do chúiseanna deontas mac léinn. Seo a leanas an ríomh: *[an tsuim a fuarthas ar réadú, móide an cháin Éireannach a baineadh, lúide an tsuim/na suimeanna a íocadh i bpréimheanna roinnte ar líon na mblianta ó íocadh an chéad phréimh].*

Fianaise cáipéise i leith polasaí árachas saoil a réadú

Caithfidh tú an cháipéis seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- Litir ón institiúid airgeadais ag rá:
  - an tsuim a fuarthas ar réadú;
  - cáin na hÉireann a baineadh;
  - suim(eanna) a íocadh mar phréimh(eanna);
  - an dáta ar a íocadh an chéad phréimh.

F12. Bronntanais nó oidhreachtaí

Más rud é go bhfuair tusa, do thuismitheoir(í),do chaomhnóir dlí, do céile, do páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, bronntanais nó oidhreachtaí i 2010, caithfidh tú **Tábla um Bhronntanais agus Oidhreachtaí** a líonadh isteach - is féidir leat seo a íoslódáil ó www.studentfinance.ie nó a fháil ó d'údarás áitiúil nó CGO. Teastaíonn sonraí uainn ar an bronntanais agus oidhreachtaí ar fad, fiú mura gcaithfidh tú iad a thuairisciú chuig na Coimisinéirí Ioncaim do chúiseanna Cháin Ghnóthachan Caipitiúil.

Níl d'eisceachtaí air seo ach na nithe seo thíos:

- I gcás mic léinn aibí neamhspleách, bronntanais agus oidhreachtaí idir iarratasóir agus a c(h)éile, p(h)áirtí sibhialta nó c(h)omháitritheoir;
- I gcás iarratasóirí eile ar fad:
  - bronntanais agus oidhreachtaí idir a **t(h)uismitheoir(í) nó caomhnóir dlí;**
  - bronntanais agus oidhreachtaí óna thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí chuig an iarratasóir;

Fianaise cáipéise i leith F12

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- **Tábla um Bhronntanais agus Oidhreachtaí** atá líonta isteach - is féidir leat seo a íoslódáil ó www.studentfinance.ie nó a fháil ó d'údarás áitiúil nó CGO;
- litir ón seiceadóir/bronntóir;
- tuairisceán um Cháin Ghnóthachan Caipitiúil, má bhaineann.

F13. Ioncam ó fhoinsí eile nár luadh thuas

Caithfidh tusa, do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, sonraí a thabhairt dúinn maidir le hioncam ar bith eile a tuilleadh nó a fuarthas i 2010 nár lorgaíodh cheana i gceisteanna F1 go F12. Is iad na foinsí ioncaim is coitianta nach bhfuil luaite cheana ar an bhfoirm iarratais ná:

- ioncaim saor ó cháin – ealaíontóirí, ioncam ó choillearnaigh, paitinní, faoiseamh sheomra ar cíos nó seirbhísí chúram leanaí; (Nóta: bhí táillí staile agus táillí graí con díolmhaithe ó cháin, ach rinneadh incháinithe iad ó 1 Lúnasa, 2008. Má tá ioncam agat ó na gníomhaíochtaí seo ba chóir duit é a chur san áireamh i Rionn F, F4 Féinfhostaíocht nó feirmeoireacht).
- socrúcháin, iontaobhais, cúnaint agus eastáit. I gcás na gcúnant, ní gá duit a chur san áireamh ioncam a fuair tusa, an t-iarratasóir, faoi chúnant ó do thuismitheoir(í) nó caomhnóir

dlíthiúil ach amháin más mac léinn aibí neamhspleách tú;
- táillí nó coimisiúin nó ioncam den chineál sin, a tuilleadh lasmuigh de do phríomhfhostaíocht nó d'fhéinfhostaíocht;
- sochair nach bhfuil san áireamh i do P60 nó P21, mar shampla, ranníocaíochtaí PRSA an fhostóra agus sochair incháinithe eile;
- oll-luach na suimeanna a aistarraingíodh ó tháirgí pinsin, seachas an ollshuim saor ó cháin;
- cúnaint shriantacha;
- íocaíochtaí a fuarthas ar thús fostaíochta;
- suimeanna a fuair tú i ndiaidh do ghnó stopadh ag trádáil – mar shampla, fiacha a measadh nach bhféadfaí a bhailiú nuair a stop an gnó ag trádáil;
- fáltais ó dhuaisbhannaí, crannchuir, cearrbhachas nó scuaibíní;
- aon ioncam nó sochar nár luadh i Roinn F.

Nóta: Má tá níos mó ná ioncam amháin agat ó aon fhoinse eile bain úsáid as an roinn na nótaí breise ar leathanach 12 den fhoirm iarratais chun sonraí ar an ioncam seo a thabhairt dúinn.

Fianaise cáipéise i leith F13

Caithfidh tú fianaise ón duine nó ón gcomhlacht cuí a chur chugainn a thaispeánann:
- an t-ollioncam nó an t-ollshuim a fuarthas i 2010;
- foinse an ioncaim;
- tuairisc iomlán ar an ioncam

Más rud é go bhfuair tú ioncam ó choillearnaigh i 2010, caithfidh tú **Tábla um Choillearnaigh** atá líonta isteach a chur chugainn - is féidir é seo a íoslódáil ó www.studentfinance.ie nó é a fháil ó d'údarás áitiúil nó CGO.

F14. Íocaíochtaí cothabhála in-fheidhmithe de réir dlí

Ceadaímid asbhaint d'íocaíochtaí cothabhála a rinneadh chuig céile scartha ar an gcoinníoll go bhfuil comhaontú dlíthiúil scartha nó colscartha i bhfeidhm. Is í an tsuim atá asbhainteach ó ioncam inríofa ná an tsuim a thaispeántar ar d'Fhógra Measúnachta nó Ráiteas Comhardaithe ÍMAT P21.

Fianaise cáipéise i leith F14

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:
- Cóip den chomhaontú scartha nó colscartha;
- P21 Ráiteas Comhardaithe ÍMAT nó Fógra Measúnachta do 2010.

B'fhéidir go lorgóimid cáipéisí tacaíochta dos na híocaíochtaí féin, mar shampla, ráitis bainc.

F15. Ranníocaíochtaí pinsin i leith scoir

Ceadaímid asbhaint do ranníocaíochtaí chuig scéimeanna pinsin agus táirgí pinsin nó scoir, mar shampla, Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA), Conradh Blianacht Scoir (RAC), nó Ranníocaíochtaí Saorálacha Breise (AVC), laistigh de na teorainneacha a cheadaíonn na Coimisinéirí Ioncaim, ach fágaimid amach aon ranníocaíochtaí 'gan faoiseamh' a tógadh ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin. Freisin ceadaímid asbhaint do thobhach pinsin na seirbhíse poiblí.

Líon isteach na ranníocaíochtaí pinsin nó scoir a cheadaítear do chúiseanna cháin ioncaim do 2010 mar a thaispeántar iad i d'Fhógra Measúnachta nó Ráiteas Comhardaithe ÍMAT P21, i ndiaidh aon ranníocaíochtaí 'gan faoiseamh' ó bhlianta roimhe sin a bhaint.

Déantar ranníocaíochtaí pinsin agus scoir ar dhá bhealach – is féidir le d'fhostóir iad a asbhaint ó do phá tríd an gcóras párolla nó is féidir leat iad a íoc go díreach chuig an institiúid airgeadais a chuireann an táirge pinsin - PRSA, RAC, AVC agus mar sin de - ar fáil. Nuair a íoctar ranníocaíochtaí pinsin trí phárolla an fhostóra trí shocrú 'glan-phá' tá siad san áireamh cheana féin sa P60 nó P45, agus ní gá duit iad a athrá anseo.

Má dhéanann d'fhostóir ranníocaíocht le do PRSA freisin, ba chóir duit ranníocaíocht an fhostóra a chur isteach mar i **Roinn F, ceist F12, 'Ioncam i 2010 ó fhoinse ar bith nach bhfuil luaite thuas'** den bhfoirm iarratais.

Fianaise cáipéise i leith F15

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- litir ón institiúid airgeadais nó gníomhaireacht a cuireann an táirge scoir ar fáil a léiríonn na ranníocaíochtaí a rinne tú go díreach i 2010 nó, do thobhach pinsin na seirbhíse poiblí, do Theastas Dheireadh na Bliana um Asbhaint a Bhaineann le Pinsean do 2010;
- P21 Ráiteas Comhardaithe ÍMAT nó Fógra Measúnachta do 2010.

F16. Athrú buan i gcúinsí maidir le hioncam inríofa

Laghdú san ioncam

Má tá laghdú i d'ioncam nó ioncam atá ag do thuismitheoir(í), caomhnóir dlíthiúil, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, idir 1 Eanáir 2011 agus deireadh na bliana acadúla 2011/12 agus más dócha go leanfaidh an titim sin san ioncam ar feadh tréimhse an chúrsa faofa nó go ceann i bhfad, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar d'iarratas más rud é gur diúltaíodh duit nó gur bronnadh páirt-dheontas ort roimhe sin. Más rud é nach bhfuil foirm iarratais ar dheontas mac léinn líonta isteach agat don bhliain acadúil 2011/12 agus má tá d'ioncam laistigh de na teorainneacha anois, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar dheontas mac léinn faoi athrú i gcúinsí, a mheasfar bunaithe ar d'ioncam faoi láthair murab ionann agus ioncam sa bhliain tagartha 2010.

Fianaise cáipéise i leith F16

Caithfidh tú na cáipéisí seo a leanas a chur chugainn mar fhianaise:

- Foirm iarratais do 2011/12 líonta isteach chomh maith leis an bhfianaise cáipéise ar fad a lorgaímid mar chuid den iarratas seo **agus**
- Fianaise cáipéise lena thaispeáint go bhfuil d'ioncam idir Eanáir 2011 agus deireadh na bliana acadúla 2011/12 titithe agus gur dócha go leanfaidh an titim sin san ioncam ar feadh tréimhse an chúrsa faofa nó go ceann i bhfad.

Ardú san ioncam

Más rud é go n-ardaíonn d'ioncam nó an t-ioncam atá ag do thuismitheoir(í), caomhnóir dlí, céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar a bhaineann, idir 1 Eanáir 2011 agus deireadh na bliana acadúla 2011/12, is féidir leat aon deontas mac léinn atá faighte agat do 2011/12 a choinneáil. Déanfaimid d'iarratas a athmheas don bhliain acadúil 2012/13, áfach. Beidh an t-athbhreithniú seo bunaithe ar d'ioncam sa tréimhse thagartha don bhliain acadúil 2012/13.

Is mar threoir amháin a thugtar na míniúcháin agus téarmaí sna treoirnótaí seo agus ní léirmhíniú dlíthiúil iad.